# Tuarascáil Rialála na Cigireachta Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Aitheantóir TUSLA:** | TU2015DL104 |

| | |
|---|---|
| **Ainm na Seirbhíse:** | Naíonra Rann na Feirste |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Áislann, Rann na Feirste, Anagaire, Contae Dhún na nGall |

| | |
|---|---|
| **Éirchód:** | F94 TV76 |

| | |
|---|---|
| **Ainm an tSoláthraí Cláraithe:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Cineál seirbhíse:** | Seisiúnach |

| | |
|---|---|
| **Dáta(í) na Cigireachta:** | 18/10/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | AM | 5 | I.N. | - |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:** | Cigireacht Luathbhlianta Dhún na nGall<br>Campas Naomh Conaill,<br>Leitir Ceanainn,<br>Co. Dhún na nGall.<br>F95 XK94 |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | L Mc Glynn |
| **Teideal:** | Cigire Luathbhlianta |

| An tÚdarás chun Iniúchadh a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht Luathbhlianta Tusla cigireachtaí ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí 1991 (arna chur isteach ag Alt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha más infheidhme** | Neamhbhainteach |

## Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís réamhscoile í Naíonra Rann na Feirste atá lonnaithe i sráidbhaile Gaeltachta Rann na Feiriste ar chósta Dhún na nGall. Tá an tseirbhís cláraithe chun réamhscoil sheisiúnach a sholáthar a oibríonn idir 9.15am agus 12.15pm gach lá den tseachtain le linn na scoilbhliana. Feidhmíonn an tseirbhís ó áitreabh saintógtha atá mar chuid de choimpléasc pobail níos mó. Cuimsíonn an tseirbhís seomra réamhscoile amháin, póirse tosaigh/ionad fáiltithe, áiseanna sláintíochta do leanaí, leithreas foirne agus seomra stórais. Tá áit iata lasmuigh ag tosach an fhoirgnimh agus tá rochtain díreach uirthi ón bpríomhbhealach isteach.

## An fhoireann

Tá beirt aosach ag obair sa tseirbhís ar bhonn laethúil. Níl an soláthraí cláraithe ar an áitreabh gach lá, tá duine ainmnithe i gceannas agus an dara duine ann chun ionad an duine sin a ghalcadh nuair a bhíonn sé as láthair.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht Luathbhlianta Tusla an rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhíníonn Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas soláthraí cláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus na rialacháin seo a chomhlíonadh. Tugann an tAcht seo an t-údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Is é cuspóir na rialála maidir le seirbhísí luathbhlianta ná a chinntiú go gcloítear le cúram, sábháilteacht agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí sin. Déantar cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta a phleanáil bunaithe ar an méid seo a leanas:

- Stair chigireachta roimhe seo
- Aon fhaisnéis a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- Faisnéis a fhaightear trí dhoiciméadacht a scrúdú
- Breathnóireacht dhíreach
- Plé leis an bhfoireann ábhartha

Níor fógraíodh an chigireacht seo agus díríodh ar réimse an rialachais/ sláinte, leasa agus forbartha leanaí/ sábháilteachta. Féadfaidh an chigireacht díriú ar réimsí eile freisin de réir mar is gá.

Déantar torthaí na cigireachta a dhoiciméadú sa tuarascáil chigireachta a eisítear den chéad uair i ndréachtfhormáid chuig an tseirbhís agus deis ann freagra a thabhairt ar aon torthaí. Nuair a shainaithnítear ceanglais reachtúla mar cheanglais nach bhfuil á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe a léiriú conas a

cheartaigh sé an neamhchomhlíonadh agus cuirfidh sé cosc ar aon neamhchomhlíonadh tarlú arís. Úsáidfear an Plean um Ghníomhaíocht Cheartaitheach agus um Ghníomhaíocht Choisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur faoi chinntí maidir le comhlíonadh na gceanglas rialála. Sa chás go dteipeann ar an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar tús a chur le próiseas méadaithe.

Forchoimeádann an chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar na freagraí a fhaightear ar chúiseanna lena n-áirítear soiléireacht, iomláine agus comhlíonadh na bpróiseas riaracháin agus dlíthiúil.

Is é an comhlacht cigireachta a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

**Admhálacha**

Is mian leis an gcigire aitheantas a thabhairt do chomhoibriú an duine atá i gceannas, na foirne agus na leanaí a bhí i láthair lá na cigireachta.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach fostaí, oibrí gan phá agus conraitheoir oiriúnach agus inniúil agus cineál na riachtanas atá ag leanaí á chur i gcuntas, lena n-áirítear-*

*(a) breithniú a dhéanamh ar thagairtí ó iarfhostóirí an duine, más ann, agus go háirithe ón bhfostóir is déanaí, más ann,*

*(b) tagairtí ó fhoinsí creidiúnacha a bhreithniú i gcás duine nach bhfuil aon iarfhostóirí aige nó aici,*

*(c) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine,*

*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go mbeidh ag gach fostaí atá ag obair go díreach le leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís mórdhámhachtain ar a laghad i gCúram agus Oideachas Luath-óige ag Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasann an tAire a bheith comhionann.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

(2) Bhí beirt aosach ag obair sa tseirbhís tráth na cigireachta. Rinneadh athbhreithniú ar na comhaid ghrinnfhiosrúcháin don bheirt aosach mar chuid den chigireacht seo agus bhí an t-eolas seo a leanas ar fáil.

(a) agus (b) Dhá theistiméireacht bhailíochtaithe ó iarfhostóirí, lena n-áirítear an fostóir is déanaí nó foinse seachas iarfhostóir i gcásanna nach raibh aon fhostaíocht ar fáil don bheirt aosach san am a chuaigh thart.

(c) Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin ón nGarda Síochána don bheirt aosach. Léirigh an tseirbhís freisin gur comhlíonadh an Fógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán ón nGarda Síochána a athnuachan gach trí bliana.

(4) Bhí fianaise dheimhnithe ar íoscháilíocht de Leibhéal 5 de Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige nó a chomhionann ar comhad don bheirt aosach.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéil foirne

*(1) Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach daoine fásta i gcónaí ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(3) Faoi réir mhír (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnach go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 2 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) dá bhrí sin ag an uimhir thagartha sin.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

(1) Bhí an t-íoslíon aosach ag obair leis na leanaí i rith na cigireachta.

(3) Ar maidin na cigireachta bhí beirt aosach ag tabhairt aire do chúigear leanaí idir 3 agus 5 bliana d'aois.

## Cuid V - Cúram Leanaí sa tSeirbhís Réamhscoile

### Rialachán 20 - Saoráidí scíthe agus súgartha

*(1) Faoi réir an rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe-*

*(a) ag féachaint do líon na leanaí réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís, dá n-aoiseanna, agus don mhéid ama a chaitheann siad ar an áitreabh, go bhfuil saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann do gach leanbh chun dul i mbun súgartha laistigh agus, i gcás ina gceanglaítear sin leis na Rialacháin seo, lasmuigh, i rith an lae, agus*

*(b) go bhfuil saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann do leanbh réamhscoile chun sos a ghlacadh i rith an lae, agus i gcás seirbhís réamhscoile thar oíche, i rith an lae agus na hoíche.*

## Faisnéis maidir le comhlíonadh

(1)(a) Is timpeallacht gheal, fháiltiúil agus fhairsing é seomra na réamhscolaíochta ina bhfuil raon d'ábhar foghlama aois-oiriúnach do leanaí. Bhí an seomra leagtha amach ar bhealach a chuir raon de réimsí spéise ar fáil do na páistí le hiniúchadh agus bhí acmhainní maithe ag gach réimse spéise chun súgradh neamhspleách na bpáistí a éascú.
Áirítear leis na limistéir spéise limistéar feirme, limistéar baile/cistine, rannóg bábóige agus cúram leanaí, uirlisí tógála, áit ealaíne/ áit  súgartha ina bhfuil gainneamh agus láib agus clocha, siopa agus oifig an phoist, bord dúlra agus áit léitheoireachta. Baineadh úsáid as aonaid seilfeanna oscailte gar don talamh chun inrochtaineacht a sholáthar ar acmhainní súgartha, mar thaca le gach ceann de na limistéir spéise mar a raibh míreanna mearaí, sórtálaithe cruthanna, bloic agus ábhair súgartha don domhan beag. Cuireadh neart táblaí agus cathaoireacha ar mhéid ar leith do pháistí ar fáil do ghníomhaíochtaí boird.

Leisan na hábhair agus trealamh súgartha éagsúla sa seomra cuirtear deiseanna ar fáil do gach cineál eispéiris súgartha, lena n-áirítear súgradh lena gcothaítear forbairt chognaíoch agus mhínluail na bpáistí, súgradh róil agus samhlaíoch, súgradh cruthaitheach agus súgradh 'salach'. Bhí spás idir gach limistéar chun saorghluaiseacht leanaí a cheadú agus chun ligean do ghrúpaí beaga páistí súgradh le chéile. Bhí rogha leathan d'acmhainní súgartha i stórais chun bréagáin agus trealamh a mhalartú.

Bhí rochtain ag na leanaí ar áit shúgartha lasmuigh a raibh acmhainní maithe ann chun raon deiseanna súgartha éagsúla a éascú. I measc na n-acmhainní sa limistéir bhí clais gainimh, cistin láibe, áit tochailte agus teach súgartha mór adhmaid a bhí leagtha amach mar chistin stíl tí. I gcúinne amháin bhí cuid breá foscúil ina raibh binsí gar don talamh; bhí díon  air seo le leatháin de phlaisteach trédhearcach agus bhí painéil ar an taobh a bhí maisithe le carachtair chartúin ildaite. Bhí raon de threalamh súgartha breise in aonad stórála lena n-áirítear trírothaigh agus rothair, míreanna súgartha liathróide agus uirlisí le húsáid sna háiteanna tochailte agus gainimh.

(1)(b) Bhí limistéar sa seomra ina raibh suíocháin boga, compordacha gar don talamh agus raon d'ábhair léitheoireachta, spás cluthar do na páistí le haghaidh scíthe nó sosa i rith an tseisiúin.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas an linbh a chosaint** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéantar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile atá ag freastal ar an tseirbhís a chosaint agus go bhfuil timpeallacht na seirbhíse sábháilte.* |
| **Faisnéis maidir le comhlíonadh** |

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

- Daingnítear an doras isteach go dtí an seomra réamhscoile ag baint úsáide as glas leictreamaighnéadach le lasc rialaithe atá suite amach ó na leanaí. Rialaíonn an fhoireann rochtain ar an bhfoirgneamh agus ón bhfoirgeamh, rud a chuireann cosc ar pháistí imeacht ón tseirbhís gan mhaoirseacht agus ar rochtain neamhúdaraithe.
- Daingnítear an áit timpeall na háite súgartha lasmuigh le fál teorann.
- Chonacthas go raibh bréagáin agus trealamh súgartha oiriúnach don aoisghrúpa a bhí á n-úsáid agus ní raibh aon ghuaiseacha inaitheanta ar nós imill ghéar.
- Daingníodh na dallóga ar fud na seirbhíse agus bhí gléasanna srianta oscailte feistithe ar gach fuinneog sa seomra cúraim agus sa chóiríocht sláintíochta.
- Bhí fianaise dhoiciméadach ar fáil lenar taispeánadh go ndearna na baill foirne measúnuithe riosca gach lá i dtaca leis na háiteanna súgartha laistigh agus lasmuigh.

**Rialú Ionfhabhtaithe:**

- Chonacthas go raibh an seomra cúraim agus an chóiríocht sláintíochta glan agus go raibh dea-bhail air. Bhí taifid maidir le glantachán ar fáil agus tugadh faoi deara iad a bheith cothrom le dáta.
- Ghlac an fhoireann agus na leanaí páirt i gcleachtais chuí rialaithe ionfhabhtuithe ar nós a láimhe a nigh roimh bhéilí agus tar éis súgradh 'salach'. Meabhraíodh do na páistí a lámha a ní tar éis dóibh an leithreas a úsáid agus baineadh úsáid as amhrán chun cleachtais chuí a neartú.
- Bhí uisce teasrialaithe, leacht gallúnaí agus tuáillí páipéir aonúsáide ar fáil chun tacú le cleachtais sláinteachais láimhe ag báisíní níocháin láimhe sna háiseanna sláintíochta do na leanaí.
- Cuireadh a dhóthain aerála ar fáil sa seomra réamhscoile trí fhuinneoga ar féidir iad a oscailt. Cuireadh aeráil nádúrtha agus meicniúil ar fáil sna háiseanna sláintíochta do na leanaí.
- Clúdaíodh an chlais gainimh lasmuigh nuair nach raibh sí in úsáid chun éilliú a chosc.

**Leigheas a Riaradh:**

- Stóráladh cógais in áiteanna nach raibh rochtain ag leanaí orthu. Bhí taifead i ndoiciméid do gach leanbh maidir le toiliú tuismitheora i dtaca le cógas a thabhairt. Nuair a cuireadh ceist orthu, bhí na baill foirne ar an eolas faoin nós imeachta chun cúram leighis a thabhairt do leanaí a raibh pleananna cúraim ar leith acu a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.

**Sábháilteacht ó Dhóiteán:**

- Chonacthas go raibh na bealaí amach éigeandála sainithe sa tseirbhís soiléir agus gan bhac. Rinneadh druileanna dóiteáin a dhoiciméadú ar bhonn míosúil.

**Cuid VI - Sábháilteacht**

**Rialachán 25 - Garchabhair**

*(1) Áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte i ngarchabhrach do leanaí ar fáil láithreach, i gcónaí, do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar bosca garchabhrach atá feistithe go cuí do leanaí-*

*(a) a stóráil go sábháilte in áit atá inrochtana agus feiceálach go héasca san áitreabh, agus*

*(b) go mbeidh sé ar fáil do na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile i gcónaí.*

**Faisnéis maidir le comhlíonadh**

(1) Bhí fianaise dhoiciméadach ag an mbeirt bhall foirne a bhí ag obair sa tseirbhís réamhscoile ar oiliúint gharchabhrach do leanaí.

(2)(a) Bhí dhá bhosca garchabhrach ar fáil in áiteanna a raibh rochtain éasca orthu.

(b) Bhí na boscaí garchabhrach ar fáil go héasca, le míreanna ábhair laistigh den dáta.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 26 - Bearta sábháilteachta dóiteáin** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn-*<br>*(a) aon druil dóiteáin a bheidh ar siúl san áitreabh, agus*<br>*(b) líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh comhraicthe dóiteáin agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*<br><br>*(4) Déanfar fógra faoi na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.* |
| **Faisnéis maidir le comhlíonadh** |
| (1)(a) Coinníodh taifead i scríbhinn ar na druileanna dóiteáin a tharla san áitreabh. Cleachtadh na druileanna dóiteáin ar bhonn míosúil agus cuireadh dáta ar an druil dóiteáin deireanach a taifeadadh i Meán Fómhair 2024.<br>(b) Bhí fáil ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh comhraicthe dóiteáin agus na n-aláram deataigh san áitreabh. Bhí fianaise ar taifead gur seirbhísíodh an dá cheann i mBealtaine 2024.<br>(4) Taispeánadh an nós imeachta um druil dóiteáin sa seomra cúraim. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go bhfuil árachas leordhóthanach ag an tseirbhís réamhscoile.* |
| **Faisnéis maidir le comhlíonadh** |
| Bhí teastas árachais le dáta éaga i mí na Samhna 2024 ar fáil. Bhí sonraí ann maidir le cumhdach imleor do suas le 22 leanbh a fhreastalaíonn ar sheirbhís sheisiúnach. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015DL104 |
| **Name of Service:** | Naíonra Rann na Feirste |
| **Address of Service:** | Aislann, Rann na Feirste, Anagaire, Co. Donegal |
| **Eircode:** | F94 TV76 |
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |
| **Service type:** | Sessional |
| **Date(s) of Inspection:** | 18/10/2024 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 5 | PM | - |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Donegal Early Years Inspectorate,<br>St. Conal's Campus,<br>Letterkenny,<br>Co. Donegal.<br>F95 XK94 |
| **Inspection undertaken by:** | L Mc Glynn |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| Authority to Inspect |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | Not applicable |

## Description of service

Naíonra Rann na Feirste is a pre-school service located in the Gaeltacht village of Rann na Feiriste on the Donegal coastline. The service is registered to provide a sessional pre-school operating between the hours of 9.15am and 12.15pm each weekday during the school year. The service operates from a purpose-built premises which is part of a larger community complex. The service consists of one pre-school room, a front porch/reception area, children's sanitary accommodation, a staff toilet and a storeroom. An enclosed outdoor area is available to the front of the building and directly accessed from the main entrance.

## Staffing

There are two adults working in the service on a daily basis. The registered provider is not on the premises on a daily basis, there is a named person in charge and a second person to deputise in their absence.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety. The inspection may also focus on other areas as required.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non -

compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person,*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

**Compliance Information**

(2) There were two adults working in the service at the time of the inspection. The vetting files for both adults were reviewed as part of this inspection and the following information was available.

(a) and (b) Two validated references from past employers, including the most recent employer or a source other than a past employer in cases where there was no past employment was available for the two adults.

(c) Garda vetting disclosures had been obtained for both adults. The service also demonstrated compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice requiring services to renew Garda vetting every three years.

(4) Certification evidence of a Quality and Qualifications Ireland (QQI) minimum Level 5 qualification in Early Childhood Care and Education or equivalent was on file for both adults.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 11 - Staffing levels

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(3) Subject to paragraph (5), a registered provider of a sessional pre-school service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 2 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) therefore at that reference number is satisfied.*

**Compliance Information**

(1) The minimum number of adults were working with the children at all times during the inspection.

(3) On the morning of inspection there were two adults caring for five children aged 3 to 5 years.

## Part V - Care of Child in Pre-school Service

### Regulation 20 – Facilities for rest and play

*(1) Subject to this regulation, a registered provider shall ensure that-*

*(a) having regard to the number of pre-school children attending the service, their respective ages and the amount of time they spend on the premises, there are adequate and suitable facilities for each child 19 to play indoors and, where required by these Regulations, outdoors, during the day, and*

*(b) there are adequate and suitable facilities for a pre-school child to rest during the day, and in the case of an overnight pre-school service, during the day and the night.*

| Compliance Information |
|---|
| (1)(a) The preschool room was a bright, welcoming and spacious environment equipped with a range of age-appropriate learning materials for children. The room was laid out in a manner that provided a range of interest areas for children to explore and each interest area was well resourced to facilitate children's independent play. The interest areas included a farm area, home/kitchen area, a doll and baby care section, construction items, art/messy play area, shop and post office aeras, nature table and a reading area. Open low level shelving units were used to provide accessibility to play resources that supported each of the interest areas and also housed jigsaws, shape sorters, blocks and small world play materials. An adequate supply of sized tables and chairs were provided for table-top activities.<br><br>The range of play materials and equipment available in the room provided opportunities for all types of play experiences including play that promoted children's cognitive and fine motor development, role and imaginary play, creative and messy play. There was space between each area to allow free movement of children and to allow small groups of children to play together. A storeroom contained a wide selection of play resources for rotation of toys and equipment.<br><br>The children had access to a designated outdoor play area which was well resourced to facilitate a range of different play opportunities. Resources in the area included a sand pit, mud kitchen, a digging aera and a large wooden playhouse which was laid out like a home style kitchen. In one corner there was a well-sheltered section containing low-level bench-seating; this had been roofed with clear plastic sheeting and had side panels that were decorated with colourful cartoon characters. A storage unit housed a range of additional play equipment including ride on trikes and bikes, ball play items and utensils for use in the digging and sand aeras.<br><br>(1)(b) There was an aera in the room with low level, soft, comfortable seating and a range of reading materials creating a cosy space for children to rest or relax throughout the session. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child** |
| *A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.* |
| **Compliance Information** |

**General Safety:**

- The entrance door to the pre-school room was secured using an electro-magnetic lock with a control switch located out of children's reach. Staff controlled access to and from the building preventing children from exiting the service unsupervised and to prevent unauthorised access.
- The perimeter of the outdoor play area was secured with boundary fencing.
- Toys and play equipment were observed to be appropriate for the age group using them and there were no identifiable hazards such as sharp edges.
- Blind cords were secured throughout the service and each of the windows in the care room and sanitary accommodation were fitted with restrictive opening devices.
- There was documentary evidence available to show that daily risk assessments were completed by staff of both the indoor and outdoor play aeras.

**Infection Control:**

- The care room and sanitary accommodation was observed to be clean and well maintained. Documented cleaning records were available and noted to be up to date.
- Staff and children engaged in appropriate infection control practices such as handwashing before meals and after messy play. Children were reminded to wash their hands after using the toilet and a song was used to reinforce appropriate practices.
- Thermostatically controlled warm water, liquid soap and single use paper towels were available to support hand hygiene practices at wash hand basins in the children's sanitary accommodation.
- Adequate ventilation was provided in the pre-school room by means of openable windows. Both natural and mechanical ventilation was provided in the children's sanitary accommodation.
- The outdoor sand pit was covered when not in use to prevent contamination.

**Administration of Medication:**

- Medications were stored in areas that were inaccessible to children. Parental consent for the administration of medication was documented on file for all children. Staff members, when asked, were

conversant with the procedure for administration of medical care to children with specific care plans attending the service.

**Fire Safety:**

- The designated emergency exits in the service were observed to be clear and unobstructed. Fire drills were documented on a monthly basis.

## Part VI - Safety

### Regulation 25 - First aid

*(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*

*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*

*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*

*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.*

**Compliance Information**

(1) The two staff members working in the pre-school service had documentary evidence of training in first aid for children.

(2)(a) There were two first aid boxes available in easily accessible positions.

(b) The first aid boxes were readily available, with content items within date.

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 26 - Fire safety measures** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br><br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* |
| **Compliance Information** |
| (1)(a) A record in writing was kept of fire drills that took place in the premises. The fire drills were practiced on a monthly basis and the last recorded fire drill was dated in September 2024.<br>(b) The number, type and maintenance record of firefighting equipment and smoke alarm system was available. The record evidenced that both were serviced in May 2024.<br>(4) The fire drill procedure was displayed in the care room. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |
| An insurance certificate with an expiry date in November 2024 was available. It detailed adequate cover for up to 22 children attending a sessional service. |